Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2016

Teicneolaíocht Ábhar - Adhmad

Obair Chúrsa - Achoimrí Dearaidh

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
200 marc

Tugtar na hAchoimrí Dearaidh i gcomhair na Scrúduithe Teastais in 2016 ar an leathanach thall.

NÍ MÓR AN OBAIR CHÚRSA A CHRÍOCHNÚ ROIMH 29 AIBREÁN 2016

RIALACHÁIN DO GACH IARRTHÓIR

1. **D'obair phearsanta féin a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuireann tú isteach le haghaidh measúnú.**

2. **Ní mór d'obair chúrsa a dhéanamh sa scoil, faoi mhaoirseacht do mhúinteora.** Má chuireann tú isteach obair chúrsa nach féidir le do mhúinteoir a dheimhniú, ní bhronnfar marcanna ar bith as an déantúsán ná as an bhfillteán dearaidh.

3. **Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear a admháil, an tIdirlíon san áireamh.** Ní ghnóthófar marc ar bith as ábhar taighde a chóipeáiltear go díreach ón Idirlíon ná ó fhoinsí ar bith eile agus a chuirtear isteach mar do chuid oibre féin.

4. **Ní mór duit d'obair chúrsa phearsanta ar leith – déantúsán agus fillteán dearaidh – a chur isteach.**

5. **Ní cóir do dhéantúsán a thabhairt amach as an scoil ar chúis ar bith nó má thugtar, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an obair chúrsa sin a bheith neamhbhailí.**

Treoracha d'Iarrthóirí

1. Roghnaigh ceann **amháin** de na hachoimrí dearaidh thall, Ardleibhéal **nó** Gnáthleibhéal.

2. Ba chóir na gnéithe seo a bheith san áireamh san fhillteán dearaidh a ghabhann leis an obair chúrsa chríochnaithe:

   - ***Anailís*** *ar an achoimre dearaidh a roghnaítear*
   - ***Iniúchadh / taighde*** *a bhaineann leis an réiteach a mholtar*
   - ***Forbairt ar smaointe dearaidh****, mar aon le meastóireacht orthu, agus ar an réiteach a roghnaítear*
   - ***Na sceitsí, na nodaireachtaí agus na líníochtaí oibre*** *atá riachtanach chun an réiteach roghnaithe a chur i gcrích*
   - ***Meastóireacht ar an dearadh,*** *ar an gcur i gcrích agus ar an déantúsán críochnaithe.*

3. Ní mór an obair chúrsa chríochnaithe – an déantúsán agus an fillteán dearaidh araon – a bheith ar fáil lena measúnú faoi **29 Aibreán 2016**.

4. Ba chóir do **Scrúduimhir** a scríobh go soiléir ar an déantúsán críochnaithe agus ar an bhfillteán dearaidh araon.

Obair Chúrsa - Dearadh agus Cur i gCrích

Achoimrí Dearaidh - Gnáthleibhéal

1. **Dear agus déan scáthán maisiúil do sheomra linbh.**
   Ba chóir aonad an scátháin a dhearadh lena chrochadh ar bhalla agus ba chóir go mbeadh téama san áireamh ann as leabhair scéalta nó as scannán beoite. Ba chóir go mbeadh aonad an scátháin sábháilte lena úsáid, dlúth agus dea-dhéanta.

   Aon fhíoraí a úsáidtear, ba chóir é a bheith san áireamh i d'fhillteán dearaidh.

2. **Dear agus déan déantúsán maisiúil chun Cluichí Oilimpeacha an tSamhraidh in 2016 a cheiliúradh.**
   Ba chóir go mbeadh an déantúsán tarraingteach, dlúth agus dea-dhéanta. Is ceadmhach é a bheith oiriúnach lena chrochadh ar bhalla nó lena thaispeáint ar sheilf agus ba chóir go léireodh sé sainghné den ócáid idirnáisiúnta spóirt seo.

3. **Dear agus dean eagraí tarraingteach do threalamh sceitseála agus dathúcháin.**
   Ba chóir an déantúsán a dhearadh chun éagsúlacht peann luaidhe, páipéar A4 agus ábhar cuí eile a eagrú agus a stóráil. Ba chóir go mbeadh an t-eagraí dea-dhéanta agus críochnaithe go cuí.

   Níor chóir go mbeadh uastoise an aonaid níos mó ná 400 mm.

Achoimrí Dearaidh - Ardleibhéal

1. **Uaireanta, bíonn spásanna stórála sa bhaile suite ar leibhéal ard agus ní bhíonn sé éasca iad a shroicheadh.**
   Dear agus déan déantúsán saorsheasaimh a chuirfidh ar chumas duine fásta ionaid dá leithéid a shroicheadh go sábháilte. Ba chóir do dhéantúsán a dhéanamh as adhmad soladach agus na modhanna siúntála a roghnú chun an déantúsán a neartú agus a dhéanamh cobhsaí. Ba chóir an t-aonad a dhearadh chun a bheith iniompartha agus ba chóir go mbeadh feidhm thánaisteach nuálach san áireamh ann.

   Níor chóir go mbeadh lorg bhonn an aonaid níos mó ná 500 mm.

2. **Is cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht cultúir na náisiún ar fud an domhain ócáidí suntasacha stairiúla a chomóradh.**
   Dear agus déan déantúsán chun ócáid shuntasach stairiúil de do rogha féin a chomóradh. Ba chóir go mbeadh cuma chuanna ar an déantúsán, ba chóir cur lena mhaise le crua-adhmad dúchasach Éireannach agus ba chóir go mbeadh raon de scileanna lámhcheardaíochta san áireamh ann. Ba chóir go mbeadh do dhearadh inspioráideach agus go spreagfadh sé machnamh ar luachanna cultúrtha.

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán oiriúnach lena thaispeáint ar mhatal nó ar sheilf.

3. **Bíonn daoine óga an-bhródúil as a ndealramh, as a gcoiriú agus as a ndeilbh.**
   Dear agus déan déantúsán cuanna a stórálfaidh agus a thaispeánfaidh roinnt earraí cóiriúcháin phearsanta go néata. Ba chóir go mbeadh an déantúsán dlúth agus ba chóir é a dhearadh chun suí ar bharr boird. Ba chóir go mbeadh do dhearadh bunaithe ar chruthanna agus ar dheilbheacha a fhaightear sa dúlra agus ba chóir go gcuirfí béim ann ar áilleacht an adhmaid sholadaigh a shaoirsítear go sciliúil.

   Níor chóir go mbeadh uastoise an aonaid níos mó ná 350 mm.

EOLAS DO NA hIARRTHÓIRÍ

Roinnt na Marcanna – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ceannteidil na Marcála	Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Anailís ar an achoimre	10	10
Iniúchadh / Taighde	10	10
Smaointe dearaidh / Réiteach	10	20
Sceitsí / Líníochtaí oibre	10	20
Meastóireacht	10	10
An tlomlán don Fhillteán	**50**	**70**
Oiriúnacht don Chuspóir	20	20
Úsáid chuí ábhar	10	10
Cruthaitheacht	20	20
Léiriú scileanna	60	40
Caighdeán na bailchríche	20	20
An dreach iomlán	20	20
An tlomlán don Chur i gCrích	**150**	**130**
IOMLÁN	***200 marc***	***200 marc***

Taispeántar thíos mionsamhail shimplí de phróiseas dearaidh.
Moltar duit ord loighciúil próiseas dearaidh den chineál seo a leanúint.